2026/866

20.4.2026

CINNEADH (AE) 2026/866 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Márta 2026

maidir le tús a chur le mionscrúdú ar spriocanna feidhmíochta áirithe atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe bloic feidhme aerspáis le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha a chuir an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 2002)

(Is iad na téacsanna Fraincise, Gearmáinise agus Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar ([1]),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([2]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an dara fomhír, de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([3]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 ([4]), agus go háirithe Airteagal 15(1) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá na Ballstáit le pleananna a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis ('FABanna'), lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta, le haghaidh gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Áireofar sna pleananna sin spriocanna feidhmíochta áitiúla atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh na tréimhse tagartha lena mbaineann.

(2) An 12 Meitheamh 2024, ghlac an Coimisiún spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4', 2025-2029). Leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún ([5]).

(3) An 1 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg an Ísiltír agus an Eilvéis ('na stáit FABEC') dréachtphlean feidhmíochta le haghaidh TT4, plean a glacadh i gcomhpháirt ar leibhéal Bhloc Feidhme Aerspáis Lár na hEorpa ('FABEC'), a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tar éis don Choimisiún iomláine an dréachtphlean feidhmíochta sin a fhíorú, chuir na stáit FABEC dréachtphlean feidhmíochta cothrom le dáta isteach an 15 Samhain 2024 ('dréachtphlean feidhmíochta FABEC').

(4) Chinn an Coimisiún maidir leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta a chuimsítear i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC le haghaidh limistéir muirearaithe faoi bhealach na Beilge agus Lucsamburg, na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na hEilvéise, nach gcomhlíonann siad na critéir mheasúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

([1]) IO L 114, 30.4.2002, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2002/309(2)/oj.
([2]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([3]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([4]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.
([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2024 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthrachta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029 (IO L, 2024/1688, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1688/oj).

(5) Dá réir sin, an 16 Bealtaine 2025, thug an Coimisiún fógra don Bheilg, don Ghearmáin, don Fhrainc, do Lucsamburg agus don Ísiltír faoi na torthaí maidir le neamhréireacht na spriocanna feidhmíochta dá dtagraítear in aithris 4 trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 ón gCoimisiún ([6]), agus tugadh fógra don Eilvéis faoi na torthaí sin trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1039 ([7]). Sna cinntí sin, d'eisigh an Coimisiún moltaí do na stáit FABEC d'fhonn comhsheasmhacht a spriocanna feidhmíochta leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 a áirithiú.

(6) An 14 Lúnasa 2025, chuir na stáit FABEC dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC le haghaidh TT4 isteach lena mheasúnú ag an gCoimisiún. Tar éis iomláine an phlean sin a fhíorú, chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Eilvéis leagan cothrom le dáta den dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC ('dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC') isteach an 17 Deireadh Fómhair 2025.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha.

(8) Leagtar amach sa Chinneadh seo an t-amhras atá ar an gCoimisiún faoi chomhsheasmhacht spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe na hEilveise atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC leis na spriocanna uile-Aontais. Ag an am céanna, thug an Coimisiún fógra ar leithligh do Bhallstáit an Aontais is comhalta de FABEC faoi na hamhrais maidir le comhsheasmhacht spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe na hÍsiltíre leis na spriocanna uile-Aontais.

(9) Chuir an Bord um Athbhreithnithe Feidhmíochta ('BAF'), a thugann cúnamh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2024/2803, a thuairim faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC maidir le comhsheasmhacht na spriocanna sin leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Tá na torthaí a leagtar amach sa Chinneadh seo bunaithe ar an measúnú teicniúil mionsonraithe a leagtar amach i dtuairim CAF ([8]).

CÚISEANNA LE TÚS A CHUR LE MIONSCRÚDÚ

(10) Leagtar amach i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise, mar aon le luachanna bonnlíne cothrom le dáta le haghaidh an chostais aonaid arna shuí ('CAAS') do na blianta 2019 agus 2024. Léirítear na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe agus na luachanna bonnlíne sa tábla thíos i gcomparáid leis na huimhreacha comhfhreagracha a cuireadh i láthair i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC a cuireadh isteach in 2024.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2025 maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá san áireamh sna dréachtphleananna feidhmíochta náisiúnta agus sna dréachtphleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais do cheathrú tréimhse thagartha scéim feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2025/1040, 23.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1040/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1039 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2025 maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2025/1039, 23.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1039/oj).

([8]) Tuairim Uimh. 1-2026 ón mBord Athbhreithnithe Feidhmíochta maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha (TT4), an 28 Eanáir 2026.

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna tosaigh costéifeachtúlachta (atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC a cuireadh isteach in 2024), arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022)	CHF 110,08	CHF 124,74	CHF 131,82	CHF 133,17	CHF 131,03	CHF 128,63	CHF 129,42
	EUR 109,54	EUR 124,13	EUR 131,17	EUR 132,51	EUR 130,39	EUR 128,00	EUR 128,79
Spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe (atá i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC), arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022)	**CHF 109,47**	**CHF 129,67**	**CHF 135,41**	**CHF 136,48**	**CHF 133,56**	**CHF 130,38**	**CHF 122,05**
	EUR 108,93	EUR 129,03	EUR 134,75	EUR 135,81	EUR 132,90	EUR 129,74	EUR 121,45
Difríocht	- 0,6 %	+ 4,0 %	+ 2,7 %	+ 2,5 %	+ 1,9 %	+ 1,4 %	- 5,7 %

(11) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh an Eilvéis sprioc feidhmíochta costéifeachtúlachta feabhsaithe a leagadh síos le haghaidh na bliana 2029, agus go rinneadh na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta a athbhreithniú aníos do na blianta 2025, 2026, 2027 agus 2028, agus is meathlú é sin i gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta FABEC a cuireadh isteach in 2024.

(12) Maidir le nuashonrú na réamhaisnéise tráchta le haghaidh an limistéir muirearaithe i gcomhréir le réamhaisnéis tráchta bonnlíne STATFOR Feabhra 2025, bhí tionchar diúltach nach beag aige ar spriocanna costéifeachtúlacht le haghaidh gach bliana le linn TT4. Na réamhaisnéis tráchta athbhreithnithe le haghaidh limistéir muirearaithe na hEilvéise, cuirtear i láthair iad sa tábla thíos.

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise	2025	2026	2027	2028	2029
Réamhaisnéis tosaigh tráchta (atá sa dréachtphlean feidhmíochta a cuireadh isteach in 2024), arna léiriú ina mílte d'aonaid seirbhíse faoi bhealach	*1 930*	*1 976*	*2 022*	*2 075*	*2 114*
Réamhaisnéis nuashonraithe tráchta (atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe), arna léiriú ina mílte d'aonaid seirbhíse faoi bhealach	**1 884**	**1 942**	**1 979**	**2 022**	**2 052**
Difríocht	- 2,4 %	- 1,8 %	- 2,1 %	- 2,5 %	- 2,9 %

(13) Ar an lámh eile, tháinig laghdú beag ar na costais arna suí le haghaidh an limistéir muirearaithe i dtéarmaí réadúla do na blianta 2025 agus 2026, agus athbhreithníodh síos iad do na blianta 2027 go 2029. Feictear laghdú suntasach 8,4 % i gcomparáid leis an ndréachtphlean feidhmíochta le haghaidh na bliana 2029. Sa tábla thíos léirítear na costais athbhreithnithe arna suí le haghaidh TT4, arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022, i gcomparáid leis na costais arna suí i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC a cuireadh isteach in 2024.

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Costais tosaigh arna suíomh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 (atá sa dréachtphlean feidhmíochta a cuireadh isteach in 2024)	*CHF 254 M*	*CHF 263 M*	*CHF 265M*	*CHF 267 M*	*CHF 274 M*
	EUR 253 M	*EUR 262 M*	*EUR 264 M*	*EUR 266 M*	*EUR 272 M*
Costais athbhreithnithe arna suíomh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 (atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe)	**CHF 255 M**	**CHF 265 M**	**CHF 264 M**	**CHF 264 M**	**CHF 250 M**
	EUR 254 M	EUR 264 M	EUR 263 M	EUR 262 M	EUR 249 M
Difríocht	+ 0,3 %	+ 0,7 %	- 0,2 %	- 1,2 %	- 8,4 %

(14) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh réamhaisnéis bhoilscithe le haghaidh TT4 na hEilvéise a athbhreithniú síos sa dhréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe, i gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta FABEC. Dá réir sin, is é toradh na gcostas athbhreithnithe arna suí i dtéarmaí réadacha a chuirtear i láthair in aithris 13 laghdú ar na costais arna suí arna sloinneadh i dtéarmaí ainmniúla le haghaidh gach bliain de TT4, lena n-áirítear na blianta 2025 agus 2026 ina bhfuil na costais arna suí i dtéarmaí réadúla níos airde ná mar atá sa dréachtphlean feidhmíochta.

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe atá beartaithe do limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(16) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa an treocht CAAS faoi bhealach ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT4, mar atá, - 1,2 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, - 1,2 %. Mar sin féin, tá an toradh sin faoi réir athbhreithniú breise agus fíorú breise an Choimisiúin maidir leis na coigeartuithe arna cur i bhfeidhm ag an Eilvéis ar a luach bonnlíne CAAS i leith na bliana 2024 ('an luach bonnlíne le haghaidh 2024').

(17) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa an treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach le linn an dara tréimhse thagartha ('TT2') agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, +1,2 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, - 1,0 %.

(18) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne 2024 EUR 129,03 na hEilvéise in EUR2022 52,6 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 84,53, arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 ('EUR2022'), a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithris 16, measann an Coimisiún, maidir leis na coigeartuithe ar an luach bonnlíne le haghaidh 2024, nach mór iad a athbhreithniú agus a fhíorú a thuilleadh.

(19) Maidir leis an gcritéar measúnaithe dá dtagraítear in aithris 18, breithníonn an Eilvéis gur cheart na difríochtaí a fheictear idir an phaireacht cumhachta ceannaigh agus castacht an aerspáis idir na Ballstáit laistigh den ghrúpa comparáide a chur san áireamh. Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an BAF teacht ar chinntiú, ag an gcéim seo, ar tionchair ghaolmhara na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann ar na boinn chostais. Tá tuilleadh mionanailíse riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar dhifríochtaí na paireachta cumhachta ceannaí, éagsúlacht chastacht aerspáis agus aon toisc oibríochtúil nó eacnamúil a imríonn tionchar suntasach ar inchomparáideacht idir na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta laistigh den ghrúpa comparáide a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(20) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí 17 go 18 riachtanach agus comhréireach faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil an diall a breathnaíodh ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithris 17 i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe 18, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(21) Ríomh BAF an difríocht mheasta idir na costais arna suí le haghaidh TT4 atá leagtha amach ag an Eilvéis sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC agus na costais arna suí agus a éileofaí chun an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais a chomhlíonadh le haghaidh TT3 agus TT4 le chéile. Ar bhonn thorthaí CAF, tá na costais iomlána arna suí le haghaidh TT4 a mhol an Eilvéis thart ar EUR 289,5 M in EUR 2022 níos lú ná an leibhéal is gá chun treocht fadthéarmach CAAS uile-Aontais a chomhlíonadh, rud a fhreagraíonn do mheánbhearna bhliantúil EUR 57,9 M in EUR 2022.

(22) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an Eilvéis i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta Skyguide i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna acmhainneachta áitiúla a bhaint amach ('bearta acmhainneachta').

(23) Sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe, cuireann an Eilvéis i dtábhacht go soláthraíonn Skyguide seirbhísí in aerspás atá an-chasta agus go raibh sé ar thús cadhnaíochta maidir le réitigh teicneolaíochta agus oibríochtúla chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta. Go sonrach, bhí sé d'aidhm ag na hiarrachtaí nuálaíochta a bhí á saothrú ag Skyguide soláthar seirbhísí aerloingseoireacht a dhigiteáil agus a chlaochlú tríd an gclár ar a dtugtar 'Clár Ionaid Fhíorúil', rud a leantar á chur i bhfeidhm le linn TT4.

(24) Tugann an Eilvéis le fios go mbeidh fócas Skyguide le linn TT4, ar an gcéad dul síos, ar líon leordhóthanach rialtóirí aerthrách ta ('ATCOnna') chun na spriocanna acmhainneachta áitiúla a bhaint amach. Ar an dara dul síos, oibreoidh Skyguide ar athléimneacht na teicneolaíochtaí, na nósanna imeachta agus an bonneagair atá aige cheana a neartú, i gcomhthráth le iarrachtaí nuachóirithe atá sa Chlár Ionaid Fhíorúil. Go sonrach, tá sé beartaithe ag Skyguide acmhainní méadaithe a leithdháileadh ar chothabháil trealaimh leagáide agus bonneagair leagáide, mar fhreagra ar fhadhbanna teicniúla a bhí ann le linn TT3.

(25) Cuireann an Eilvéis i bhfios go bhfuil na bearta acmhainneachta atá beartaithe riachtanach chun na spriocanna acmhainneachta áitiúla a bhaint amach. Dar leis an Eilvéis, dá laghdófaí na bearta sin nó dá gcuirfí moill orthu, bheadh meathlú ar cháilíocht na seirbhísí in aerspás na hEilvéise mar thoradh.

(26) Tugann an Coimisiún faoi deara go ndearna an Eilvéis cúig bheart acmhainneachta a chur i láthair agus a chainníochtú sa dhréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe. Le linn TT4 ina hiomláine, tá costais iomlána arna suí CHF 218,8 M arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 (coibhéiseach le EUR 217,7 M in EUR 2022) i gceist leis na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag an Eilvéis. Rinneadh na bearta acmhainneachta sin a mhionsonrú cheana féin i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC a cuireadh isteach in 2024. Mar sin féin, rinneadh na costas a thuairiscíodh le haghaidh na bearta sin a athbhreithniú suas go suntasach sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe.

(27) Rinne an Coimisiún scrúdú tosaigh agus anailís ar na bearta acmhainneachta seo a leanas, arna dtuairisciú ag an Eilvéis i ndáil le Skyguide:

— Oiliúint a chur ar rialtóirí aerthrách ta ('ATCOnna') breise agus iad a earcú, chun leibhéil mhéadaitheacha tráchta a bhainistiú agus chun teacht in ionad ATCOnna a bhfuil coinne leis go rachaidh siad ar scor le linn TT4 ('Bearta 1 agus 2');

— Uirlisí bainistíochta agus nósanna imeachta leanúnachais gnó chun athléimneacht a fheabhsú a chur chun feidhme agus a fhorbairt ('Beart 3');

— Infheistíochtaí in oibríochtaí BAT atá neamhspleách ar an suíomh ('Beart 4');

— Uirlisí éagsúla a úsáid chun bainistíocht na sreibhe aerthrách ta chuig aerfoirt agus uathu a bharrfheabhsú ('Beart 5');

(28) Áirítear le Bearta 1 agus 2 go ndéanfaidh Skyguide oiliúint a chur ar ATCOnna nua agus iad a earcú, chun go dtiocfaidh méadú ar an líon iomlán ATCOnna in oibríochtaí ag lárionaid rialaithe limistéir Zürich agus na Ginéive, agus chun teacht in ionad ATCOnna a bhfuil coinne leis go rachaidh siad ar scor le linn TT4. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi Bhearta 1 agus 2, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar líon na rialtóirí aerthrách ta a oibríonn ar limistéir faoi bhealach ag lárionaid rialaithe limistéir Zürich agus na Ginéive ó thuairim is 198 gcoibhéis lánaimseartha in 2024 go dtí tuairim is 219 gcoibhéis lánaimseartha in 2029, rud a léiríonn méadú sonrach de thuairim is 21 choibhéis lánaimseartha le linn TT4.

(29) Cuireann an Eilvéis i bhfios maidir le fostú ATCOnna breise, mar a leagtar amach faoi Bhearta 1 agus 2, go bhfuil sé riachtanach chun go mbeadh spás ann don fhás sa trácht a bhfuil coinne leis le linn TT4. Go sonrach, míníonn an Eilvéis maidir le líon níos airde ATCOnna a bheith ar fáil, go gcumasóidh sé Skyguide limistéir bhreise a oscailt agus mar sin, maidir leis an acmhainneacht agus an tsolúbthacht a bhfuil gá leo chun buaicéilimh tráchta a bhainistiú, go gcuirfidh sé ar fáil iad.

(30) Is éard atá i mBearta 1 agus 2 le chéile costas iomlán tuairiscithe de CHF 154,0 M i dtéarmaí ainmniúla le linn TT4.

(31) Is é is aidhm do Bheart 3 athléimneacht oibríochtaí Skyguide a neartú chun mear-athchóiriú córais chriticiúla agus sheirbhísí criticiúla i gcás bristeacha teicniúla gan choinne. Míníonn an Eilvéis go soláthróidh Beart 3 iomarcaíochtaí breise agus réitigh chúltaca lena dtacófar le leanúnachas gnó oibríochtúil agus athléimneacht chóras, bonneagair agus saoráidí.

(32) Maidir le Beart 3, thug an Eilvéis tuairisc ar chostas iomlán tuairim is CHF 30,2 M leis i dtéarmaí ainmniúla le linn TT4.

(33) Le Beart 4, cuimsítear iarrachtaí leanúnacha Skyguide aistriú chuig oibríochtaí BAT atá neamhspleách ar an suíomh trí chur i bhfeidhm an Chlár Ionaid Fhíorúla dá dtagraítear in aithris 23. Is é an cuspóir, mar thoradh ar na feabhsuithe teicniúla atá beartaithe ar an gcóras bainistíochta aerthráchta, go mbeidh Skyguide in ann aon eitilt laistigh d'aerspás na hEilvéise a rialú ó cheachtar den dá lárionad rialaithe limistéir (Zürich agus an Ghinéiv), rud a chumasófar acmhainneacht mhéadaithe, solúbthacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí aerloingseoireachta. Tá sé mar aidhm ag Skyguide freisin, faoi Bheart 4, ualach oibre ATCOnna a laghdú trí uathoibriú méadaithe agus uirlisí feabhsaithe agus nósanna imeachta feabhsaithe a leathadh amach maidir le sreabhadh aerthráchta agus bainistiú toillte. Maidir le Beart 4, baineann costas iomlán CHF 42,4 M leis i dtéarmaí ainmniúla le linn TT4 ina hiomláine.

(34) Faoi Bheart 5, agraíonn an Eilvéis costais a bhaineann le tionscnaimh agus uirlisí éagsúla chun bainistíocht na sreibhe aerthráchta chuig aerfoirt agus uathu a bharrfheabhsú. Dar leis an Eilvéis, maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair faoi Bheart 5, tá sé d'aidhm acu oibríochtaí rúidbhealaigh a bharrfheabhsú agus borradh a chur faoin éifeachtúlacht. Tugann an Eilvéis tuairisc ar chostas iomlán CHF 1,5 M i dtéarmaí ainmniúla le linn TT4 le haghaidh Beart 5 sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe.

(35) Tugann an Coimisiún dá aire maidir leis na gníomhaíochtaí arna cuireadh i láthair ag an Eilvéis faoi Bheart 5, go mbaineann siad den chuid is mó le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar ag aeradróim. Ós rud é go bhfuil costas sheirbhísí den sórt sin lasmuigh de raon feidhme an bhonn costais faoi bhealach, ní fhéadfaidh costais den sórt sin a agairt chun diall ó spriocanna costéifeachtúlachta uile-Aontais le haghaidh seirbhísí faoi bhealach. Measann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh faisnéise maidir leis na costais arna dtuairisciú ag an Eilvéis faoi Bheart 5, go háirithe a mhéid a bhaineann lena leithdháileadh idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt.

(36) Ar an iomlán, maidir leis na bearta acmhainneachta arna n-agairt ag an Eilvéis chun údar a thabhairt le diall ó threochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais, tá siad suntasach i dtéarmaí méide agus tionchair airgeadais araon. Tá gá le hanailís níos mionsonraithe ar na bearta acmhainneachta sin chun measúnú a dhéanamh ar a raon feidhme, a gcostais agus a gcomhréireacht i bhfianaise na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach.

(37) Gan dochar do thoradh na hanailíse breise dá dtagraítear in aithris 36, is léir mar sin féin nach dtugann na costais bhreise arna dtuairisciú ag an Eilvéis le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithrisí 22 agus 36 údar ach i bpáirt leis an meánbhearna bliantúil a breathnaíodh le linn TT4 ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais, mar a thugtar faoi deara in aithris 17. Dá bhrí sin, ní féidir an diall sin a chur go heisiach i leith chostais bhreise arna suí do na bearta sin ina n-iomláine a bheith riachtanach acmhainneachta a chuirtear i láthair, gan beann ar an measta na bearta sin ina n-iomláine a bheith riachtanach agus comhréireach d'fhonn na spriocanna acmhainneachta áitiúla a bhaint amach.

(38) Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an tSlóvaic.

(39) I dtaca leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, is leor a lua nár chuir an tSlóvaic san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe aon bheart athstruchtúraithe a thabharfadh údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais nó ó threocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais. Dá bhrí sin, níl an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) comhlíonta i ndáil leis an Eilvéis.

CONCLÚIDÍ

(40) Mar chonclúid, measann an Coimisiún nár thug an Eilvéis aghaidh leordhóthanach, sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC athbhreithnithe, ar na moltaí a leagtar amach in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1039 a mhéid a bhaineann leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh a limistéir muirearaithe faoi bhealach.

(41) Go sonrach, maidir leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe atá beartaithe ag an Eilvéis, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil siad comhsheasmhach leis an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais. Tugann an Coimisiún faoi deara freisin nár cuireadh laghdú sách mór ar na costais arna suíomh do limistéar muirearaithe na hEilvéise i bhfianaise an ghá atá ann comhsheasmhacht leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais a áirithiú. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithrisí 16 agus 18, measann an Coimisiún, maidir leis na coigeartuithe a chuir an Eilvéis i bhfeidhm ar a luach bonnlíne le haghaidh 2024, nach mór iad a athbhreithniú agus a fhíorú a thuilleadh.

(42) Ar deireadh, ar bhonn na n-eilimintí agus na réasúnaithe a soláthraíodh i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC, níor chinn an Coimisiún go bhféadfaí an diall mór ó threocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais a chur ar bhealach eisiach i leith costais bhreise a tabhaíodh chun spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla a bhaint amach. Bheadh gá le tuilleadh faisnéise agus anailíse chun scrúdú a dhéanamh ar bhreithnithe oibríochtúla agus eacnamaíocha eile arna n-ardú ag an Eilvéis chun údar a thabhairt leis na dialltaí a thugtar faoi deara in aithrisí 17 agus 18, agus i ndáil leis na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4 (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(43) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí 14 go 42, measann an Coimisiún, ag an gcéim seo den mheasúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta, go bhfuil údair amhrais ann fós faoi chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta na hEilvéise.

(44) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún tús a chur leis an mionscrúdú a leagtar amach in Airteagal 15(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i leith na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta seo a leanas atá beartaithe le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise agus atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe Bhloc Feidhme Aerspáis Lár na hEorpa le haghaidh TT4, is cúis amhrais iad i leith a gcomhsheasmhachta leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022)	**CHF 109,47**	**CHF 129,67**	**CHF 135,41**	**CHF 136,48**	**CHF 133,56**	**CHF 130,38**	**CHF 122,05**
	EUR 108,93	EUR 129,03	EUR 134,75	EUR 135,81	EUR 132,90	EUR 129,74	EUR 121,45

Airteagal 2

1. Leis seo cuirtear tús leis an nós imeachta mionscrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 15(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 maidir leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Chun tacú leis an measúnú breise ar na spriocanna feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 1, soláthróidh an Eilvéis, arna iarraidh sin don Choimisiún, sonraí ábhartha breise agus faisnéis ábhartha bhreise maidir leis na heilimintí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Is chuig Cónaidhm na hEilvéise a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH D'EILIMINTÍ LE hAGHAIDH ANAILÍS BHREISE I nDÁIL LEIS NA SPRIOCANNA FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA DO LIMISTÉAR MUIREARAITHE FAOI BHEALACH NA hEILVÉISE

(1) Costais arna suí don cheathrú tréimhse thagartha ('TT4') agus béim á leagan ar na blianta féilire 2027, 2028 agus 2029 atá le teacht, lena n-áirítear na toimhdí mionsonraithe agus na paraiméadair is bun leis na costais sin arna suí do gach eintiteas faoi raon feidhme an limistéir muirearaithe

(2) Coigeartuithe arna gcur i bhfeidhm ar luachanna bonnlíne an chostais aonaid arna shuí le haghaidh na mblianta 2019 agus 2024

(3) Na costais iarbhír is déanaí atá ar fáil arna dtaifeadadh le haghaidh na bliana 2025 le haghaidh gach eintitis faoi raon feidhme an limistéir muirearaithe

(4) Na toimhdí tráchta arna n-úsáid sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe agus an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir leis an éabhlóid tráchta réamh-mheasta le linn TT4 le haghaidh an limistéir muirearaithe

(5) Bearta arna n-agairt ag an Eilvéis chun údar a thabhairt leis na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais ar fhorais costas breise chun spriocanna feidhmíochta acmhainneachta a bhaint amach, agus scéimeanna dreasachta a bhaineann leis na spriocanna acmhainneachta sin

(6) Imthosca áitiúla a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt le himeacht ó na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4 (a) go (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317